GX1278

OLLSCOIL NA HÉIREANN, GAILLIMH
CÉIM B.A. STAIR
DARA SEIMEASTAR 1997-8
CULTÚR AN PHOBAIL SAN EORAIP RÉAMHTHIONSCLAÍOCH (HI376)
S Ó Dubhthaigh
N. Ó Ciosáin
N. Canny

AM: DHÁ UAIR AN CHLOIG; FREAGAIR CEIST 1 AGUS DHÁ CHEIST EILE

1. An bhfuil sé cruinn nó úsáideach deighilt a dhéanamh idir chultúr léannta agus cultúr an phobail sa luath nuastair? Féadfaidh tú plé a dhéanamh ar chás na hÉireann nó ar chás na hEorpa nó ar an mbeirt acu araon.
NÓ
Deir Jenkins, agus é ag scrúdú cás na hÉireann, go mbeadh tuiscint osnádúrtha ag daoine ar eachtra sa domhain ábhartha, ach go mbeadh an tuiscint sin bunaithe ar dhraíocht nó bunaithe ar lucht sidhe, ag braith ar chomhthéacs shóisialta an eachtra. Déan plé ar an dearcadh seo.
NÓ
'I gcomparáid le mórthír na hEorpa, agus fiú i gcomparáid le Sasana, níor cúisíodh ach fíorbheagán daoine feasa in Éirinn'. (Lapoint). Céard ba chúis leis an difríocht seo?
NÓ
'Tugtar le fios go minic gurb é a bhí sa bhfeachtas i gcoinne an ólacháin in Éirinn sa chéad leath den naoú aois déag ná gluaiseacht charasmatach bunaithe ar mhiorúiltí an athar Maitiú, ach bhí níos mó i gceist ann ná sin amháin.' (Kearney). Céard eile a bhí i gceist, dá bhrí sin?

2. 'Is beag cosúlacht atá idir an tuiscint atá againne ar spás nó ar am agus an tuiscint a bhí ag daoine i dtréimhsí eile den stair'. (Gurevich) An bhfuil an ráiteas seo cruinn sa mhéid agus a bhaineann sé le muintir na tuaithe san Eoraip réamhthionsclaíoch?
NÓ
Céard is deasghnátha táirsigh (rites of passage) ann, agus cén bhrí a bhí leo faoin tuath i dtréimhse na luath nuastaire?

3. 'Ní mhíníonn an draíocht conas a thárla eachtra mhí-ámharach áirithe; ach míníonn sé cén fáth ar thárla an mí-ádh sin do dhuine áirithe' (Gluckman). Pléigh an ráiteas seo.
NÓ
Cén gaol a bhí idir an pobal agus na naoimh sa chríostaíocht roimh na hAthraithe Creidimh?

4. 'Cé gur chríochnaigh go leor carnabhail ina n-éirí amach i dtréimhse na luath nuastaire, ba mhinicí ba mhór nár chríochnaigh siad amhlaidh'. Cén léargas a thugann sé seo dúinn ar Charnabhal mar ócáid nó mar fhriotal shiombalach?
NÓ
Más teanga nó córas cumarsáide siombalach atá sa 'domhan bun-ós-cionn', cé na ráitis is féidir a chur in iúl tríd?

/...

5. Déan cur síos ar roinnt de na bun-choincheapanna a bhí ag na gnáthdhaoine den pholaitíocht mar a léiríodh iad in éirí amach tuaithe in aghaidh cánach nó raic bidh cathrach.

6. I gcultúir béil, múnlaíonn ócáid na scéalaíochta structúr an scéil. Conas a dhéanann sé é seo?

7. 'Thug an réabhlóid tráchtála breis bhríomhaireachta do chultúr na ndaoine, sular scrios an réabhlóid tionsclaíoch é' (Burke). An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?

8. Cén tionchar a bhí ag fás na litearthachta ar thuiscintí agus ar chleachtaí an phobail i dtréimhse na luath nuastaire?
NÓ
'Ní féidir deighilt ghlan a dhéanamh idir chultúr béil agus cultúr liteartha; bhíodar aghaidh ar aghaidh lena chéile ar fud na hEorpa i dtréimhse na luath nuastaire'. (Houston) Cén sort idirghníomhaíocht a bhí eatarthu?

9. An fíor a rá go raibh córais chreidimh den tsórt céanna á gcur chun cinn ag na heaglaisí Protastúnacha agus Caitliceach araon ón séú céad déag ar aghaidh?
NÓ
Cé chomh maith agus a d'éirigh leis na hAthraithe Creidimh Protastúnach agus Caitliceach smaoineamh agus cleachtadh reiligiúnda an ghnáthphobail a athrú ?

10. Cén difríocht a bhí idir an tuairimíocht thraidisiúnta i leith na draíochta agus an sort tuairimíocht a bhí i gceist i bhFiach Mór na gCailleach ?

11. Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid na leabhra beaga clóbhuailte a díoladh ar phraghas íseal mar fhianaise ar chultúr an phobail?

12. I measc na leabhra clóbhuailte ar phraghas íseal, cén fáth, dar leat, go raibh tóir mhór ar scéalta faoi choirpigh?

13. Cérbh iad na gnéithe den chultúr traidisiúnta a bhí faoi ionsaí ag gluaiseachtaí agus cumainn leasaithe i Sasana san ochtú agus sa naoú céad déag?
NÓ
Thriall paimfléidí Hannah More sna 1790í an gaol idir na boicht agus na boic a athmhúnlú, de réir Phedersen. Conas a rinneadar é sin ?

14. Céard ba chúis leis an tsuim nua a chuir lucht léinn i saol an ghnáthphobail ó dheireadh na hochtú aoise déag amach ? An bhfuil dearcadh ró-rómánsúil i leith an phobail le braith sa staidéar seo ?